

An Scéim:
An Gúm 1926-2016

Cnuasach Aistí

Máirtín Coilféir
a chuir in eagar

 AN GÚM
Baile Átha Cliath

© Foras na Gaeilge agus na húdair, 2020

Dearadh agus leagan amach: Máirtín Coilféir
Clúdach: Muiris Ó Raghallaigh

Spectrum a chlóbhuail in Éirinn

ISBN 978-1-85791-965-3

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Gabhaimid buíochas le Comhlacht Ionadaíoch na hEaglaise, Eaglais na hÉireann agus le David Lawrence as cead a thabhairt an íomhá den fhuinneog dhaite le Austin Molloy ar leathanach 99 a úsáid.

Foilseacháin an Ghúim a cheannach

Siopaí

An Siopa Leabhar (01) 478 3814

An Siopa Gaeilge (074) 973 0500

An Ceathrú Póilí (028) 90 322 811

Ar líne

www.litriocht.com

www.siopagaeilge.ie

www.siopaleabhar.com

www.siopa.ie

www.cic.ie

www.iesltd.ie

An Gúm, Foras na Gaeilge, 63-66 Sráid Amiens, Baile Átha Cliath 1.

An Gúm agus an Comhthéacs Eorpach

Michael Cronin

Agus é ag dul ar cuairt chuig an mainistir chlúiteach in St. Gallen san Aeilvéis, meabhraítear do Thorlach Mac Con Mídhe go bhfuil ról faoi leith ag na hÉireannaigh sa saol. Luann sé na lámhscríbhinní cáiliúla a bhfuil na habairtí agus na corrfhocail Ghaeilge breactha síos iontu mar áis do mhanaigh óga agus iad ag tochailt i gcré luachmhar na Laidine. Dar le Mac Con Mídhe, is meafar í an pheannaireacht imeallach seo do staid na nGael agus iad ag comhrac le ceist na féiniúlachta i gcomhthéacs domhanda: ‘Níorbh fhéidir leis na Gaeil ach a gcuid a scríobh in *interstices* nó bearnaí an díoscúrsa sin, ar imeall an leathanaigh nó idir na línte’ (2015: 52). Bhí an t-údarás ag an Laidin tráth, díreach mar atá an cheannasaíocht chultúrtha ag an mBéarla i láthair na huaire. De réir an taistealaí, is bua é seo a bheith ar an imeall agus, nuair a ghéilleann na hÉireannaigh do ghéaitsíocht an lárnachais (agus iad faoi gheasa ag Londain, ag Washington nó ag an mBruiséil), is iad a bhíonn thíos leis, de ghnáth.

Ach ní áit shocair i gcónaí é an t-imeall agus bíonn an claonadh ann ‘téacs mór an domhain’ a athscríobh arís agus arís eile sa mhionteanga, is é sin, glacadh leis an ‘sior-aistriú’ (37) seachas tréithe leithleacha na teanga agus an chultúir a aithint agus a fhorbairt. Ar ndóigh, is féidir linn an

t-amhras céanna a aithint agus muid ag plé chás an Ghúim nó ceist an aistriúcháin anseo in Éirinn. Is cuimhin liom fiche bliain ó shin nuair a tháinig *Translating Ireland* amach den chéad uair go ndearnadh ionsaí fíochmhar ar an leabhar san *Irish Times* toisc go raibh sé de dhánacht ionam oidhreacht dhearfach an Ghúim a chosaint. ‘*The Execution Yard* i gCill Mhaighneann’ an leasainm a bhí ag an scoláire Luke Gibbons ar cholúin léirmheastóireachta an *Irish Times* an tráth sin agus, go deimhin, fuair cosantóir eile de chuid an Ghúim, Alan Titley, batráil cheart sa nuachtán céanna cúpla bliain roimhe sin.

Agus muid ag iarraidh ról an Ghúim a thomhas, is dóigh liom go dtagann cuid de na deacrachtaí ón easpa tuisceana, ní hamháin ar chastacht agus ar fhéidearthachtaí an aistriúcháin é féin, ach ar a laghad cur amach is atá ann ar fheidhmiú an aistriúcháin i dtíortha agus i gcultúir eile. Sean-nós Éireannach, b’fhéidir, a cháin Joe Lee go láidir ag deireadh na n-ochtóidí sa mhórshaothar *Ireland: Politics and Society 1912-1985* ná a bheith de shíor ar leaca sleamhaine theach mór an Bhéarla ag stánadh isteach i scáthán scoilte an tsearbhónta, mar a dúirt Stephen Dedalus in *Uiliséas Joyce*. Fiú i gcás an Bhéarla, mar a fheicfear, ní thuigtear agus ní aithnítear cé chomh tábhachtach is a bhí obair na n-aistritheoirí agus an teanga sin á forbairt ag lucht a scríofa. Ní Sasanach go Sasamach mar tháinig go leor smaointe agus téarmaí ón taobh amuigh (féach Matthiessen 1931). Ba chóir dúinn mar sin féachaint ar an eagrais Stáit, ní hamháin i gcomhthéacs náisiúnta na teanga, ach i gcomhthéacs idirnáisiúnta an aistriúcháin chun teacht ar thuiscint níos fearr, nó b’fhéidir níos cothroime, ar an méid a bhí le déanamh ag an nGúm agus ar an méid a d’éirigh leis a dhéanamh.

An Bíobla

Ag cur síos dó ar fhorbairt na Sualainnise, deir Lars Wollin go bhfuil paradacs bunúsach ann agus muid ag caint ar theacht chun cinn na teanga náisiúnta. Mar shampla, i gcás na Sualainnise bhí an-tábhacht ag baint le dlíthe réigiúnacha a bheith breactha síos in aibítir na Laidine sa tríú haois déag, dlíthe a bhí go mór faoi anáil na Críostaíochta. Cliabhán na teanga sin ná an mhainistir in Vadstena, mainistir a bhunaigh Birigit nó Naomh Bríd eile in 1346, agus caitheadh an-chuid dua ag aistriú scríbhinní an naoimh ó Laidin go Sualainnis. Mar a deir Wollin, ‘the establishment

of a “national language” required integration into an international linguistic community. This was principally achieved by different kinds of linguistic transfer; translation was one notable example’ (luaite in Delisle agus Woodsworth 1995: 43).

Sampla níos suntasaí fós den cheangal idir fás an leithleachais agus spleáchas an tionchair idirnáisiúnta ná aistriúchán an Bhíobla. An Rí Gustav I ó ríshliocht Vasa a bhí freagrach as aistriúchán a chur ar an mBíobla ina iomláine sa séú haois déag nuair a bhunaigh sé Eaglais Liútarach an Stáit. Chuir Olav agus Laurent Peri an t-aistriúchán ar fáil agus cuireadh i gcló é in Uppsala in 1541. ‘Bíobla Vasa’ a baisteadh ar an mBíobla nua seo agus bhí an t-aistriúchán bunaithe cuid mhaith ar aistriúcháin eile, go háirithe an ceann a rinne Liútar sa Ghearmáinis. Níl aon amhras ar Wollin maidir le stádas náisiúnta an aistriúcháin ar théacs idirnáisiúnta a tháinig go príomha ó aistriúchán i dteanga eile fós:

The Vasa Bible holds a unique position in Sweden’s literary and linguistic culture. For almost four centuries, this fundamental document of the established church was listened to from the pulpit, read by the literate, quoted and referred to in literature and everyday life. It also functioned naturally as the ruling example in the standardization of the written language. From the perspective of the history of the language, this translation product is by far the most important text ever written in Swedish (luaite in Delisle agus Woodsworth 1995: 44).

Is cinnte gur féidir an bhreith chéanna a thabhairt ar aistriúchán Liútar, ar leagan Rí Shéamais den Bhíobla i mBéarla, ar an gceann a rinne Mikael Agricola san Fhionlainnis sa séú haois déag agus ar an leagan Dúala a chuir Joseph Saker amach in 1872 i gCamarún na hAfraice. Ar ndóigh, rinneadh aistriúchán ar an mBíobla in Éirinn, *Tiomna Nua ar dTighearna agus ar slanaightheora iosa Criosd* le hUilliam Ó Domhnaill, a cuireadh i gcló in 1602 i mBaile Átha Cliath, agus aistriúchán ar an Sean-Tiomna a tháinig faoi stiúir William Bedell, a tháinig amach faoi dheireadh in 1685 le cabhair an cheimiceora cháiliúil Robert Boyle (Williams 1986). Ach, mar is eol do chách, níor éirigh leis an Reifirméisean in Éirinn. Bhí teannas ann i gcónaí idir daoine áirithe, leithéid Bedell, a chreid go láidir i bpríomhtheachtairacht an leasaithe creidimh mar gheall ar Bhriathar Dé a bheith ar fáil i dteanga an phobail, agus dearcadh lucht an airm agus

an lucht riartha a bhí go mór in amhras faoi bhreis deiseanna a thabhairt do no bundúchasaigh ionannas teanga agus cultúir a fhorbairt (Cronin 1996: 51-59). Ar ndóigh, thuig na Proinsiasaigh i gColáiste San Antaine sa Lováin go mba cheart ról a bheith ag an teanga agus ag an aistriúchán i bhfeachtas an Fhrith-Reifirméisín in Éirinn ach cheap siad go raibh ábhar cráifeach níos práinní ná aistriúchán nua ar an mBíobla (Ó Cléirigh 1985). San ochtú haois déag nuair a thosaigh an tír ag gluaiseacht i dtreo an dátheangachais bhí a fhios ag an Eaglais Chaitliceach go raibh gá le húsáid a bhaint as teanga an ghnáthphobail ach ní raibh aon pholasaí ciallmhar aici chun an cuspóir seo a chur i gcrích. Seachas corriarracht anseo is ansiúd ní bhfuair na hábhair shagart sna coláistí Éireannacha ar fud na hEorpa aon oiliúint cheart sa teanga. Mar a deir Ciarán Mac Murchaidh faoin Eaglais Chaitliceach agus an Ghaeilge san ochtú haois déag:

Ultimately, as an institution, the Catholic Church's approach to Irish was at best neutral. Where it sought to address the language deficit, the attempt was frequently erratic and inconsistent. It saw the language as a bulwark against the outside world and against the risk of religious interference but, ironically, it relied on the outside world of continental colleges to survive (Mac Murchaidh 2012: 187).

Ar bhealach, is féidir a mhaíomh gurbh éard a bhí sa Ghúm ná réiteach Éireannach ar fhadhb Éireannach ó thaobh an aistriúcháin de. Ní raibh nós na litearthachta scríofa ná na léitheoireachta ná taithí ar theanga chaighdeánaithe ag formhór na nGaeilgeoirí de bharr an fholúis lárnaigh i gcultúr na cosmhuintire, murab ionann is a lán tíortha eile ar fud na hEorpa. Ní raibh an Stát in Éirinn in ann talamh slán a dhéanamh de nósanna léitheoireachta agus litearthachta a bhí inghlactha i dtíortha eile. Caithfidimid iarrachtaí an Stáit a mheas sa chomhthéacs sin agus ní i gcomhthéacs neamhstairiúil na ndea-mhianta.

Pátrúnacht

Agus cúrsaí aistriúcháin faoi chaibidil, is minic a dhíríonn tráchtairí cultúrtha ar thorthaí an aistrithe – is é sin, ar na téacsanna deiridh sa teanga nua – agus iad ag fáil locht ar rogha seo nó ar rogha siúd an aistritheora chun a gcumas teanga féin a chur in iúl don léitheoir. Ní

chomh minic céanna a thugann siad aitheantas dá chasta is atá an t-aistriú mar phróiseas. Is é sin le rá, ní gníomh teanga amháin é an t-aistriúchán. Baineann sé le cúrsaí eacnamaíochta, socheolaíochta agus polaitíochta chomh maith. Tá sé seo intuigthe ón méid a scríobh údar seanmóirí san ochtú haois déag agus é ag tabhairt amach faoi aineolas an phobail i leith cúrsaí creidimh:

Is d'easbuidh cleachtaigh & staideara air an teasag Críosaíochta, agus go sbéicalta a gceileamhar agus a gcanamhain dúchas aar mathara, eadhon san teanguidh Ghaoidheilg, do bheir ar na mílte agus ar na slóite a bheith ainfhiosach aineolach a bhfóghlaim agus an oideas an Chríosaíochta (Ó Maonaigh 1965: 32-33).

Sa leabhar a scríobh sé faoi ról an aistriúcháin laistigh den chóras liteartha, *Translation, Rewriting and the Manipulation of Literary Fame*, deir an criticeoir Beilgeach André Lefevere go bhfuil ceist na pátrúnachta lárnach i gcultúr ar bith. Cruthaíonn an pátrúnacht féidearthachtaí nó cuireann sí laincisí ar an scríbhneoir, ar an léitheoir nó ar an aistritheoir. Faoi Impireacht Otamáin in Iostanbúl bhíodh an-tóir ar litríocht a chuireadh síos ar ghníomhartha agus ar mhianta na huasaicme agus í múnlaite ar scéalta san Araibis Chlasaiceach. Ní thugtaí mórán aitheantais don litríocht a bhí fréamhaithe i mbéaloideas na Tuirce ag an am ach a mhalairt ar fad a bhí fíor nuair a tháinig Kemal Atatürk agus a chomrádaithe i gcumhacht tar éis an Chéad Chogaidh Dhomhanda (Lefevere 1992: 13). An deacracht is mó a bhí ag údar na seanmóirí ná go raibh teipthe go hiomlán ar chóras na pátrúnachta don teanga, go raibh an Stát naimhdeach agus an Eaglais patuar i leith urlabhra na nGael. Ní féidir, mar shampla, saothar Shakespeare – fear a d'fhoghlaim a lán ó chúrsaí aistrithe – a shamhlú lasmuigh de chreatlach na pátrúnachta: bhí sé ag brath ar dhea-thoil na Banríona, ar neamhshuim na bPiúratánach, ar thacaíocht an Tiarna Chamberlain agus ar phingíní lucht féachana i Londain agus i gcathracha nach í (Kavanagh 1985: 161).

Mar sin sa chomhthéacs Eorpach is é an ghné is suntasaí de bhunú Choiste na Leabhar in 1928, ní go raibh aistritheoirí á lorg ag an gCoiste ach, den chéad uair le beagnach ceithre chéad bliain anuas, go raibh córas pátrúnachta ann d'aistriúchán liteartha go Gaeilge. Ní hamháin

sin ach gur thuig Earnán de Blaghd go raibh an t-aistriúchán, i dtéarmaí na saineolaithe Iosraelacha Gideon Toury agus Itamar Even-Zohar, mar chuid den ilchóras liteartha agus ról mór aige i dtréimhsí áirithe i bhforbairt na litríochta agus an chultúir (Even-Zohar 1978). Is é sin le rá go mbíonn an t-aistriúchán lárnach seachas imeallach sa chultúr liteartha de bharr cúinsí áirithe. Uaireanta bíonn an t-aistriúchán chun tosaigh san ilchóras siocair go bhfuil an litríocht bhunaidh imeallach, nó mar gheall ar ghéarchéim sa teanga nó sa chultúr, nó toisc go bhfuil an traidisiún liteartha féin óg agus go dteastaíonn teanga na litríochta a shaibhriú le mórshaothair ó theangacha eile. Feictear, mar shampla, borradh mór i réimse an aistriúcháin i Sasana sa séú haois déag, sa Fhrainc sa seachtú haois déag agus sa Ghearmáin san ochtú haois déag agus na tíortha sin ag iarraidh a dteanga féin a chur in oiriúint dá ról mar theanga láidir do náisiún nó d'impireacht láidir. I gcás na Gearmáine, fiú, mhaígh scríbhneoirí áirithe go raibh na haistriúcháin a rinne Wilhelm Schlegel (1767-1845) agus Ludwig Tieck (1773-1835) ar shaothar Shakespeare níos fearr ná na bunleaganacha agus, i ngan fhios do Shakespeare é féin, gur *Volkdichter* Gearmánach ab ea é seachas drámadóir Sasanach.

La voie romaine

Nuair a scríobh an tAthair Pádraig de Brún a alt cáiliúil '*Ars Scribendi*' in *Humanitas* in 1930, alt ina ndúirt sé go mba ghá tús a chur le feachtas mór aistriúcháin ar na clasaicí Eorpacha chun *Renaissance* a spreagadh sa chultúr anseo in Éirinn, ní nach ionadh gur thosaigh sé leis na Gréagaigh agus na Rómhánaigh:

Na Rómhánaigh féin, a raibh an uile-chumhacht sa domhan le linn a réime, na Rómhánaigh a thug an saoghal Gréigeach fé smacht a ndlithe, ní fhéadfaidís gan uachtaránacht na gaoise d'fhágaint ag an lucht gur buadhadh ortha sa chogadh. Níor bheag leo bheith 'na scoláirí fé mhaíghistrí léighinn na tíre sin. Do théigheadh a n-aos óg ar scoil in Ataen agus i gcathracha mór-chlú eile sa Ghréig. Tugadh máighistrí anall chun na hIodáile, agus dob iad na máighistrí Iodáileacha a fuair a ndinntiúirí léighinn sa Ghréig, a thugadh an chéad oscailt don aos scoile ag an mbaile (de Brún 1930: 2).

Luaigh de Brún an téarma *le miracle grec*, an mhíorúilt Ghréagach, a chum an staraí agus an smaointeoir Francach Ernest Renan ag deireadh an naoú haois déag chun cur síos ar shaíocht na nGréagach agus ar an dul chun cinn suntasach a rinne siad i mbeagnach chuile réimse den eolas. Ba mhaith liom anois labhairt, ní mar gheall ar an *miracle grec*, ach faoin *voie romaine*, an bealach Rómhánach, téarma a chum staraí Francach eile, Rémi Brague, ag deireadh an fichiú haois (Brague 1999). Deir Brague go bhfuil an fhéiniúlacht Eorpach ag brath go príomha ar an *latinité*, an Laidineachas, gurb é sin an t-aon rud atá i bpáirt le chéile ag sibhialtachtaí éagsúla na mórthíre. Cinnte, tá Róimh na hIodáile ann ach thugtaí ‘an dara Róimh’ ar Chathair Chonstaintín agus, nuair a ghlac Ivan III seilbh ar Novogrod in 1478, an sprioc a bhí aige ná go mbeadh Moscó ar an tríú Róimh. Sultán Iostanbúl féin, ceann de na teidil onóracha a bhíodh aige ná Sultán na Róimhe. Ach cad is brí leis an Laidineachas seo agus cén fáth a bhfuil sé tábhachtach i gcomhthéacs cheiliúradh an Ghúim? Ar ndóigh, uaireanta samhlaítear leis na Rómhánaigh an t-ord nó an phatracacht nó cultas an *patria*, íomhánna a chothaigh arm Napoléon agus na faisistithe Iodálacha. Ar an gceann is fearr is cultúr leithleach é cultúr na Róimhe a bhí go maith mar theachtaire ach nár chruthaigh aon rud as an nua seachas, b’fhéidir, i réimse an dlí. Ach mar a deir Brague:

tout change si l'on renonce à voir le contenu de l'expérience romaine ailleurs que dans cette transmission elle-même. Ce peu de chose que l'on accorde en propre à Rome, c'est peut-être tout Rome. La structure de transmission d'un contenu qui n'est pas le sien propre, voilà justement le véritable contenu (Brague 1999: 46).

Is é bunús an chultúir seo nó an *secondarité*, an tanáisteachas, rud a thuig de Brún. Bhí a fhios ag na Rómhánaigh go raibh cultúr fiúntach, láidir ag na Gréagaigh. Níor lig siad orthu gur chruthaigh siad an fhealsúnacht agus an litríocht agus an eolaíocht *ex nihilo*. Is léir seo ón miotas bunaithe a bhí acu. Níor rugadh Ainéas san Iodáil. D’fhág sé féin agus a athair cathair na Traí agus í faoi léigear ag na Gréagaigh. Bhailigh sé na déithe tí a bhí aige agus ar aghaidh leis go Latium. I gcur síos Veirgil ar an eachtra san *Aeinéid*, tagann na déithe Iúnó agus Iúpatar ar chomhaontú chun stop a chur leis an troid eatarthu agus a ladhar a chur isteach i scéal Ainéasa má ghlacann Ainéas le teanga Latium in ionad na máthairtheanga atá aige,

teanga na dTraíoch. Is gníomh aistrithe mar sin bunú na gealchathrach agus bunú an chultúir Laidine. Mar a deir Brague, ‘Est romaine l’expérience du commencement comme (re)commencement’ (49).

Is ar an gcaoi seo, an tús mar atús, a nglacann Brague leis go bhfuil dlúthcheangal idir an Chríostaíocht mar chreideamh tánaisteach, creideamh atá bunaithe ar chreideamh eile, an Giúdachas, agus an Laidineachas, cultúr tánaisteach atá bunaithe ar chultúr eile. Is ionann an Sean-Tiomna agus scríbhinní na nGréagach, dlúthchuid den chultúr nó den chreideamh nua. Difríocht ollmhór, mar shampla, idir scoláirí na Síne sa ré chlasaiceach agus a gcomhghleacaithe san Iarthar ná go ndéanadh na saoithe Síneacha staidéar ar litríocht na Sírise amháin ach go mbéigean d’fhormhór lucht léinn an Iarthair staidéar a dhéanamh ar litríochtaí a tháinig ó chultúir agus ó theangacha eile. Cinnte, ní raibh chuile dhuine sásta leis an tanáisteachas seo mar is follas ó stair mharfach an fhrith-Ghiúdachais san Eoraip nó mí-shástacht tráchtairí Rómhánacha áirithe leis an iomarca spleáchais ar an gcultúr Gréagach ach dearbhaíonn Brague gur croílár an Eorpachais í an teachtaireacht, ‘Jamais un peuple n’est une origine absolue’ (89). Nuair a fhéachtar leis an ráiteas seo a bhréagnú, nuair a shamhlaítear an Eoraip mar aonad neamhspleách, beag beann ar chultúir agus ar theangacha eile, ní bhítear dílis do bhunstruchtúr an tseachadta, an tanáisteachas mar bhunchloch de chultúr nó de chultúir na hEorpa.

Feictear domsa mar sin go mba chóir glacadh le tionscnamh an Ghúim mar thionscnamh Eorpach agus ní mar fheiniméan leithleach, Éireannach. Dúirt an Pápa Clement IV in 1265 i réamhrá a chuir sé le saothar dá chuid féin, ‘sapientia latinorum tracta est ex alienis linguis; nam totus textus sacer et tota philosophia descenderunt a linguis extraneis’ (tagann saíocht na Laidineach ó theangacha iasachta; go deimhin, d’eascair scríbhinní naofa agus an fhealsúnacht uile ó theangacha eile) (luaite in Brague 120). Is sa chomhthéacs iltíreach, leanúnach sin a chaithfimid an ráiteas seo a leanas ó Liam Ó Rinn a lonnú seachas féachaint air mar ghéilleadh do shíorbhrú ualach na hiasachta:

Caithfear leanacht den aistriúchán faid a mhairfidh an Ghaeilge. Chun an teanga féin do shaothrú, chun eisiompláirí a chur ós comhair ár

scríbhneoirí, agus chun ábhar léitheoireachta a thabhairt, go tapaidh is go raidhsiúil, dár léitheoirí, is mó is éigean é a dhéanamh i láthair na huaire (Ó Rinn 1956: 136).

Caint na ndaoine

Níl aon amhras agus aistriúcháin an Ghúim á léamh againn go raibh tionchar ag an Athair Peadar ar an gcur chuige i leith na teanga. Ní hamháin trí úsáid a bhaint as caint na ndaoine ach, mar a mhol sé in *Papers on Irish Idiom* (1922), trí gach iarracht a dhéanamh an Béarlachas a sheachaint agus an nath nó an meon dúchasach a chothú i gcónaí. Is furasta anois locht a fháil ar an dearcadh sin agus cúigeachas nó cúngaigeantacht a chur i leith chosantóirí seo na teanga agus i leith lucht an aistrithe a chloígh go daingean le soiscéal an tsagairt Mhuimhnigh. Go deimhin, dar le teoiriceoirí áirithe i léann an aistriúcháin, is feall polaitiúil é an dúchasú. Ag tosú leis an réamhrá in *Rethinking Translation: Discourse, Subjectivity, Ideology* in 1992 agus ag leanúint ar aghaidh go dtí *The Translator's Invisibility* a tháinig amach den chéad uair in 1995 agus ar tháinig an dara heagrán de amach in 2012, tarraingíonn Lawrence Venuti aird ar an bhforéigean bunúsach a bhaineann le han-chuid aistriúcháin. Maíonn sé go minic gur gníomh foréigneach é an t-aistriúchán féin: 'It is the forcible replacement of the linguistic and cultural difference of the foreign text with a text that will be intelligible to the target language culture' (Venuti 1995: 25). An aidhm a bhí ag an aistriúchán ar dtús ná go mbeadh an cultúr eile, an cultúr eachtrannach, sothuigthe laistigh de fhrámaí tagartha an sprioc-chultúir ach anois is é an toradh atá ar an gcleachtas seo ná go bhfuil an t-aistriúchán ina 'imperialist appropriation of foreign cultures for domestic agendas' (Venuti 1995: 30). Déantar idirdhealú idir cur chuige forásach a chuireann béim ar ghnéithe allúracha an bhuntéacs agus na bunteanga a chothú (*foreignization*) agus cur chuige coimeádach a lorgaíonn cur in oiriúint do mhúnlaí an sprioc-chultúir agus na sprioctheanga (*domestication*).

Ach an mar sin atá? Nach féidir a mhaíomh go bhfuil an deighilt seo bréagach agus go bhfuil ceangal ag cleachtas aistritheoirí an Ghúim le stair fhorásach na dteangacha iarchlasaiceacha san Eoraip agus go raibh an

nós seo bunaithe ar thuiscint iarchoilíneach ar éagothroime cumhachta i measc teangacha éagsúla?

Tosóidh mé leis an chéad phointe. I bpaimfléad a scríobh sé in 1530, *Sendbrief vom Dolmetschen*, chosain Liútar na roghanna aistriúcháin a bhí déanta aige féin agus ag a chomhghleacaithe i dtiontú an Bhíobla go Gearmáinis. Sampla amháin a phiocann sé amach ná Matha 12:34, ‘Ex abundantia cordis os loquitur’. Seachnaíonn Liútar aistriúchán litriúil, ‘Labhraíonn an béal faoi bharraíocht chroí’ agus roghnaíonn sé nath cainte dúchasach a bhí forleathan sa teanga, ‘Wes das Herz voll ist, des geht der Mund über’ (Luther 1973: 21). Más mian a fháil amach conas a labhraítear an Ghearmáinis, deir Liútar nach gá dul i gcomhairle na n-asal, mar a thugann sé ar a chuid naimhde, lena Laidin litriúil, ach gur cóir ceist a chur ar an mbean sa mbaile, ar an bpáiste amuigh ar an tsráid agus ar an bhfear ar an aonach, féachaint conas a déarfaidís féin seo nó siúd. Bhí Liútar ar aon intinn le haistritheoir eile, William Tyndale, a cuireadh chun báis in 1536 mar gheall ar an aistriúchán Béarla a rinne sé den Bhíobla. Agus é ag caint le scoláire léannta sa diagacht dúirt sé, ‘If God spare my life, ere many years I will cause a boy that driveth the plough shall know more of the Scripture than thou dost’ (Tyndale 1531). Is léir ón méid a scríobh Liútar agus Tyndale go mba ghníomh réabhlóideach, ceannairceach é caint na ndaoine a úsáid, go raibh siad ag breathnú ar an aistriúchán, ní mar leac chuimhneacháin ar bhuntéacs, ach mar uirlis chumarsáide. Níl caint na ndaoine gafa mar sin le coimeádachas cúng an *terroir* ach le fuascailt, le saoradh, le daonlathú na léitheoireachta. Díreach an straitéis chéanna a bhí ag E.V. Rieu cúpla céad bliain ina dhiaidh sin, nuair a chuir sé tús le *Penguin Classics* in 1944. Chuir sé réamhrá leis an aistriúchán a rinne sé féin de Odaisé Hóiméir in 1946 agus dúirt sé:

This version of the *Odyssey* is, in its intention at any rate, a genuine translation, not a paraphrase or a retold tale. At the same time, and within the rules I have set myself, I have done my best to make Homer easy reading for those unfamiliar with the Greek world (Rieu 1946: 9).

Is éard is brí le ‘léitheoireacht éasca,’ de réir Rieu, ná éalú ó impiriúlachas an aicmeachais agus deis a thabhairt do chuile aicme sa tsochaí teacht i

dtír ar mhórt héacsanna an chultúir Iartharaigh. Go bunúsach, baineann caint na ndaoine ní le cúigeachas ach le daonlathas.

An dara pointe a bhaineann leis an léamh áirithe seo ar cheansú na teanga tríd an aistriúchán ná nach ionann cás mionteanga agus cás mórt héanga. Bíonn mionteanga faoi shíorbhrú ag an mórt héanga maidir le friotal, focail, solúbthacht cainte, tagairtí cultúrtha. Ní gá ach éisteacht le samplaí de ‘ghaelscoilis’ chun tabhairt faoi deara go loiteann lomaistriú leithleachas agus féidearthachtaí na spriocheanga. Cinnte, tig leat a rá gur sampla breá de choimhthiú nó *foreignization* é leagan ar nós ‘Táim ite suas leis,’ ach níl le feiceáil ann ach forlámhas na mórt héanga agus léiriú maith ar impiriúlachas teanga agus éagothroime cumhachta. Os a choinne sin, na haistritheoirí sin de chuid an Ghúim a chuaigh ag tochailt sa teanga bheo chun saibhreas agus doimhneacht agus aclaíocht na hurlabhra a chur chun cinn agus a fhorbairt, is iad siúd na fíréin mar is iad a chothaigh éagsúlacht agus inbhuanaitheacht na Gaeilge. Ceist a chuir Pádraig de Brún agus é i mbun comhraic le Domhnall Ó Corcora mar gheall ar fhiúntas an aistriúcháin ná ‘Is breágh an focal é, neamhspleáchas; ach cé aige go bhfuil sé?’ (de Brún 1930: 3). Mar a mhaígh sé, ‘Bhí gach aoinne againn i dtaobh le daoine eile chun cainte agus smaointe a mhúineadh dhó, agus is beag teagasc go bhfuair eamar asainn féin an chéad oscailt air’ (3-4). Agus muid ag ceiliúradh nócha bliain d’obair an Ghúim, sin é an ceacht is tábhachtaí atá le foghlaim ó oidhreacht an aistriúcháin: anois agus riamh, braitheann leas na tíre, ní ar spleáchas éagumasach an tsearbhónta iarchoilínigh ná ar neamhspleáchas míréadúil an stonaire dhúchasaigh, ach ar an idirspleáchas daonna. Thuig bunaitheoirí an Ghúim go bhfásann féinmhuinín agus féinmheas ón idirspleáchas seo agus, má tá na Gaeil fós ag scríobh i mbearnaí an dioscúrsa dhomhanda, is dóigh liom i ré seo an athraithe aeráide nach bhfuil áit níos lárnaí ann ná imill an idirspleáchais chéanna.

Tagairtí

Comhaid de chuid an Ghúim sa Chartlann Náisiúnta

- A0012. 'Dracula' (Bram Stoker / Seán Ó Cuirrín).
- A0031. 'Quo Vadis?' (Henryk Sienkiewicz / Aindrias Ó Céileachair).
- A0033. 'Coming Through the Rye / Teacht fríd an tSeagail' (Helen Mathers / Seosamh Mac Grianna).
- A0038. 'Ben Hur' (Lew Wallace / Seosamh Mac Grianna).
- A0039. 'Miracle / An Mhiorbhailt' (Clarence B. Kelland / Niall Mac Suibhe).
- A0040. 'Wild Rose of Lough Gill / Rós Fiadhain Loch Gile' (Patrick G. Smith / Tadhg Ó Séaghdha).
- A0045. 'Hugh Roach The Ribbon Man / Aodh de Róiste' (James Murphy / Dómhnall Ó Ceocháin agus Dómhnall Ó Céileachair).
- A0051. 'Pinocchio' (Pádraig Ó Buachalla).
- A0060. 'Seeteufel' (Graf Felix Von Luckner / Pádraig Ó Moghráin).
- A0062. 'The Nigger of the Narcissus / An Máirnéalach Dubh' (Joseph Conrad / Seosamh Mac Grianna).
- A0072. 'The People of the Mist / Cineadh an Cheo' (H. Rider Haggard / Aodh Mac Seaghain).
- A0074. 'The Merchant of Killogue / Ceannaidhe Cille hÓige' (Edmund Downey / Seán Ó Súilleabháin).
- A0096. 'Adventures of a Younger Son / Imtheachtaí Fhear Dheireadh Theaghlaigh' (Edward John Trelawny / Seosamh Mac Grianna).

A0106. ‘Almayer’s Folly / Dithchéille Almayer’ (Joseph Conrad / Seosamh Mac Grianna).

A0119. ‘The Talisman / An Chloch Ortha’ (Walter Scott / Niall Ó Domhnaill).

A0154. ‘The Key Above the Door / An Eochair ós ceann an Dorais’ (Maurice Walsh / Seán Mac Maoláin).

A0231. ‘The Power of the Dog / Neart na Cú-Nimhe’ (Donn Byrne / Seán Mac Maoláin).

A0252. ‘The Last of the Mohicans’ (James Fenimore Cooper / Niall Ó Domhnaill).

A0282. ‘Islanders’ (Peadar O’Donnell / Seosamh Mac Grianna).

A0424. ‘The Wreck of the Grosvenor / Báthadh an Ghrosvenor’ (William Clark Russell / Seosamh Mac Grianna).

G0003. ‘Payment to Artists (to 1932)’.

G0008. ‘An Gúm Preliminary Correspondence’.

G0016. ‘Pictorial Jackets: Stock Design’.

G0020. ‘Sunny Stories Eagarthóireacht agus Promhthaí Vol. I.’

G0039. ‘Coiste na Leabhar (Miontuairisgí 1926)’.

G0059. ‘Coiste na Leabhar, Minutes 1927’.

G0068. ‘An Coiste Foillsiúcháin Miontuairisgí’.

G0091. ‘Léitheoirí LSS’.

G0092. ‘Pictorial Jackets for Translations’.

G0138. ‘Pictorial Wrappers (Artists)’.

G0198. ‘Leabhra de chuid Miss Marion King’.

N0008. ‘Cormac Mac Airt’ (Cormac Ó Cadhlaigh).

N0032. ‘An Fánaí’ (Seán Óg Ó Caomhánaigh).

N0048. ‘Astronár’ (Piaras Béaslai).

N0074. ‘Allagar na hInise’ (Tomás Ó Criomhthain).

N0101. ‘An Dílidhe’ (Aindrias Ó Baoighill).

N0104. ‘Clocha Sgáil’ (Seán Ó Dálaigh).

- No125. ‘Dhá Sgéal’ (Tadhg Saor Ó Séaghdha).
- No117. ‘An Grá agus an Ghruaim’ (Seosamh Mac Grianna).
- No129. ‘An t-Oileánach’ (Tomás Ó Criomhthain).
- No147. ‘Críost Ríogh’ (Seán Ó Loingsigh).
- No175. ‘Timcheall Chinn Sléibhe’ (Seán Ó Dálaigh).
- No178. ‘Cailín na Gruaige Duinne’ (Úna Uí Dhíosca).
- No212. ‘Parlaimint na mBan’ (An Seabhac).
- No239. ‘Is Claoidhte an Galar an Grádh’ (Liam Gógan).
- No296. ‘Prunella’ (Micheál Mac Liammóir).
- No297. ‘Bun an Dá Abhann’ (Seán Ó Ciarghusa).
- No298. ‘Toil Dé’ (Éamonn Mac Giolla Iasachta).
- No299. ‘Lucht Ceoil’ (Barra Ó Claochlaigh).
- No322. ‘Faoistíní Shain Áistín’ (Seoirse Mac Tomáis).
- No348. ‘Luibhleághadóireacht’ (An Seabhac).
- No392. ‘An Druma Mór’ (Seosamh Mac Grianna).
- No400. ‘Trí Léigheachta’ (An Seabhac).
- No419. ‘Bruighean Feille (Sgéalta Gearra)’ (Niall Ó Domhnaill).
- No441. ‘Pádraic Ó Conaire agus Aistí Eile’ (Seosamh Mac Grianna).
- No511. ‘An Bhreatain Bheag’ (Seosamh Mac Grianna).
- No517. ‘Cormac na Coille’ (Piaras Béaslaí).
